

# **An Garda Síochána**



**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Scéim Teanga**

**2016 - 2019**

# Ábhar

Leathanach

## Caibidil 1

Réamhrá agus Cúlra

3

## Caibidil 2

Measúnú ar leibhéal na Seirbhísí Gaeilge atá  
ar fáil cheana féin

6

## Caibidil 3

Feabhsú na Seirbhísí a chuirfear ar fáil  
go Dátheangach

8

## Caibidil 4

Monatóireacht agus Athbhreithniú

14

## Caibidil 5

An Scéim a Phoiblíú

16

# CAIBIDIL 1

## RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

### 1.1 Ullmhú na Scéime

D'ullmhaigh an Garda Síochána an scéim seo bunaithe ar Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ("an tAcht"), agus is í dara scéim na heagraíochta. Forálann Alt 11 den Acht go n-ullmhaíonn comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh siad

- Trí mheán na Gaeilge,
- Trí mheán an Bhéarla,
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Leagann an Scéim amach na bearta atá le déanamh chun a chinntiú go gcuirfear aon seirbhís nach gcuireann An Garda Síochána ar fáil trí Ghaeilge i láthair na huaire ar fáil trí Ghaeilge laistigh de thréimhse aontaithe ama.

### 1.2 Cuspóirí na Scéime

Thug an Garda Síochána, ó bunaíodh é i dtosach i 1922, faoi sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar i nGaeilge, faoi mar a cheanglaítear, don phobal ar a bhfreastalaímid. I gcaitheamh na mblianta, forbraíodh sraith cláir ghníomhaíochta ar aon dul le Treoirlínte Rialtais, Treoracha agus ceanglais Reachtúla. Aithníonn an Garda Síochána an ceart atá ag saoránaigh chun tabhairt faoina ngnó i nGaeilge agus tá sé tiomanta do chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Tá an scéim seo dírithe ar an tiomantas agus an soláthar seirbhíse i nGaeilge a choimeád agus a fhorbairt a dtugtar cuntas orthu in iar-Scéim Alt 11 an Gharda Síochána. Tugadh roinnt athruithe isteach laistigh den Gharda Síochána chun feabhas a chur ar an tseirbhís Ghaeilge a sholáthraítear. I measc na n-athruithe seo tá an méid a leanas:

- Tabhairt isteach beartas do shraith Gaeilge chun iarratasóirí a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu a earcú chun cabhrú le riachtanais Ghaeilge a chomhlíonadh sa Gharda Síochána. Beidh oiliúnaithe an Gharda Síochána a iontrálann an Garda Síochána tríd

an tsraith seo in ann cabhrú leis na riachtanais Ghaeilge, faoi mar a theastaíonn, ar chríochnú a dtréimhse phromhaidh dóibh.

- Oifigeach Gaeilge a cheapadh don Gharda Síochána.

Teastóidh solúbthacht iontógtha sa scéim seo ó chineál chroíffheidhm an Gharda Síochána chun freastal ar chásanna éigeandála. Beidh dúshlán roimh an nGarda Síochána an pearsanra a bheith aige a bhfuil na scileanna riachtanacha acu ag gach láthair de chomhéadan leis an bpobal, agus mar sin, glacfar cur chuige réasúnaithe chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh faoin Acht agus chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla. Ní mór don Gharda Síochána oiriúnú i gcónaí chun freastal ar riachtanais, ionchais agus dúshlán sochaí nua-aimseartha agus leagtar amach sa dara scéim seo na bearta a thabharfar anonn ó Scéim Alt 11 Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 de chuid an Gharda Síochána anuas ar ghealltanais bhreise a chabhróidh leis an eagraíocht ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh amach anseo.

### **1.3 An Garda Síochána - Cúlra**

Tá traidisiún bródúil ag an nGarda Síochána ina bhfreastalaítear ar phobail agus ina gcosnaítear an Stát agus tá foireann 16,000 de chomhalta Garda, comhaltaí foirne agus comhaltaí de chuid Chúltaca an Gharda Síochána aige atá tiomanta agus dílis. Is minic a ró-chomhlíonann an Garda Síochána ceanglais an dualgais chun ár bpobail a chosaint, an choiriúlacht a chomhrac, ár mbóithre a choimeád sábháilte agus chun slándáil náisiúnta a choimeád agus tá an t-ádh air go bhfuil go leor comhaltaí foirne aige a thugann faoi na feidhmeanna seo gach lá trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

### **1.4 Fís agus Misean an tSainchúraim**

Leagtar amach in Alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 feidhm an Gharda Síochána amhail póilíneacht agus slándáil a sholáthar don Stát agus na cuspóirí a leanas á mbaint amach:

- a) An tsíocháin agus ord poiblí a choimeád,
- b) Saol agus maoin a chosaint,
- c) Cearta daonna gach duine aonair a chur i bhfeidhm,
- d) Slándáil an Stáit a chosaint,
- e) Cosc a chur ar choireacht,

- f) An dlí a chur ar choirpigh, ina measc an choireacht a bhrath agus a imscrúdú,
- g) Trácht ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre.

Ar mhaithe leis na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, comhoibreoidh an Garda Síochána, faoi mar is cú, le Ranna Stáit, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile atá freagrach, de réir an dlí, as aon cheist a bhaineann le haon ghné den chuspóir sin agus soláthróidh sé aon seirbhís eile ar leagadh freagracht dhlíthiúil air ina taobh.

### **1.5 Dáta Tosaigh na Scéime**

Dheimhnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim seo ar an 08 Lúnasa 2016. Cuirfear tús leis an Scéim le héifeacht ón dáta seo agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndeimhnítear Scéim nua, pé dáta is déanaí.

## CAIBIDIL 2

# MEASÚNÚ AR LEIBHÉAL NA SEIRBHÍSÍ GAEILGE ATÁ AR FÁIL CHEANA FÉIN

### 2.1 Príomhfhórlacha Bheartas Reatha an Gharda

- Pearsanra i Stáisiúin Ghaeltachta – Is é beartas an Gharda Síochána ardchaighdeán sa Ghaeilge labhartha a chinntiú i gcás comhaltaí atá ag fónamh i gceantair Ghaeltachta.
- Glaonna Gutháin – Tá seirbhís chuimsitheach ar fáil i nGaeilge i stáisiúin Ghaeltachta. I gceantair nach ceantair Ghaeltachta iad, tá struchtúr neamhfhoirmiúla ann chun freastal ar ghloiteoir ar mian leis/léi a c(h)uid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Gloiteoirí Pearsanta – I gceantair nach ceantair Ghaeltachta iad, tá struchtúr neamhfhoirmiúil ann chun gloiteoirí pearsanta a éascú.
- Comhfhreagras – Tugtar freagra Gaeilge ar gach litir, gach tarchur facs agus gach ríomhphost a fhaightear i nGaeilge.
- Foilseacháin – Eisítear gach mórthuarascáil de chuid an Gharda Síochána i nGaeilge agus i mBéarla. Tá foirmeacha anois i nGaeilge agus Béarla.
- Láithreán Gréasáin – Tá an t-eolas statach ar láithreán Gréasáin an Gharda Síochána i nGaeilge agus i mBéarla.

### 2.2 Rannóg na Gaeilge

Rannóg speisialta í seo i gColáiste na nGardaí a sholáthraíonn cúnaimh don eagraíocht agus í ag déileáil le gnóthaí Gaeilge.

Eisíodh foclóir Béarla/Gaeilge don eagraíocht de théarmaíocht speisialaithe agus de théarmaíocht dlí a úsáideann an Garda Síochána.

Aistrítear foirmeacha oifigiúla ríomhghinte go Gaeilge. Tá seirbhís aistriúcháin sheachtrach ar conradh ar fáil d'eagraíocht an Gharda Síochána chomh maith.

### **2.3 Oifigeach Gaeilge**

Tá Oifigeach Gaeilge ceaptha ag an nGarda Síochána chun tacú agus cur le hobair Choiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge agus chun cuidiú leis an nGarda Síochána a dhualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a chomhlíonadh. Tá sé de chúram ag an Oifigeach Gaeilge cuidiú le Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge próifíl agus stádas na Gaeilge a ardú sa Gharda Síochána.

## CAIBIDIL 3

# FEABHSÚ NA SEIRBHÍSÍ A CHUIRFEAR AR FÁIL GO DÁT HEANGACH

### **Buanú / Feabhsú na Seirbhísí a Chuirfear ar fáil go Dát heangach**

Is iad na cuspóirí atá ag an dara scéim teanga de chuid an Gharda Síochána ná tógáil ar an dul chun cinn atá déanta ó 2009 ó thaobh seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár saoránaigh le Gaeilge agus chun réimse na seirbhísí atá ar fáil go dát heangach a mhéadú thar thréimhse na scéime seo. Caithfear a aithint, áfach, go bhfeadfaí tionchar diúltach a imirt ar chomhlíonadh na ngealltanais seo de dheasca athruithe airgeadais agus foirne sa todhcháí, athruithe nach mbeadh faoi smacht an Gharda Síochána.

### **3.1 Córais Teileafóin**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanais atá leagtha síos i Mír 3.2 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Braitear go bhfuil “an Garda Síochána” sách inaitheanta agus go dtugann sé cuireadh intuigthe don ghlaiteoir leanúint air nó uirthi i nGaeilge nó i mBéarla. Beidh cur amach ag an bhfoireann ar na beannachtaí Gaeilge bunúsacha agus déanfar socrúithe chun gur féidir baill den phobal a chur i dteagmháil go pras le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as cibé seirbhís atá á lorg trí Ghaeilge a chur ar fáil.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.2 Foirmeacha agus Fógraí Oifigiúla**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanais atá leagtha síos i Mír 3.3 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Eiseofar gach foirm, fógra poiblí agus bileog eolais nua de chuid an Gharda Síochána i nGaeilge agus i mBéarla ar an doiciméad céanna, ach nuair nach bhfuil sé sin indéanta ar chúiseanna dearaidh nó méide agus sna cásanna siúd, cuirfear foirmeacha ar leithligh Gaeilge



agus Béarla ar fáil. Cuirfear na leaganacha nua d'fhoirmeacha ar fáil nuair a bheidh deireadh le stoc na bhfoirmeacha atá anois ann.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.3 Fógraí Muirear Seasta**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 3.4 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Soláthróidh an Garda Síochána gach Fógra Muirear Seasta i bhfoirm dháttheangach. Déanfar é sin i gcomhar le rannóg TFC an Gharda agus le gníomhaireachtaí eile seachtracha lena mbaineann.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.4 Preasoifig**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 3.5 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Cuirfidh an eagraíocht urlabhraí ar fáil do na meáin chun seirbhís Ghaeilge a sholáthar, ach fógra réasúnta a bheith faighte.

Cuirfear gach preasráiteas a bhaineann le gnóthaí beartais an Gharda ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.5 Ríomhchórais**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 3.6 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Gach ríomhchóras nuafhaighte a mbeidh i gcomhéadan leis an bpobal, beidh siad in ann an Ghaeilge a láimhseáil.

Déanfar ríomhchórais atá anois ann agus a bhfuil comhéadan acu leis an bpobal comhoiriúnach leis an nGaeilge de réir mar a uasghrádófar na córais.

Tabharfar aon seirbhísí idirghníomhacha a cheadaíonn don phobal i gcoitinne iarratais a dhéanamh ar líne isteach sa dá theanga ag an am céanna.

*Tréimhse ama: Deireadh na Scéime seo.*

### **3.6 Láithreán Gréasáin**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanais atá leagtha síos i Mír 3.7 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Leanfar ar aghaidh leis an eolas statach a bhíonn ar láithreán Gréasáin an Gharda a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.7 Cruinnithe Poiblí**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanais atá leagtha síos i Mír 3.8 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Is é beartas an Gharda Síochána cruinnithe/comhairliúcháin phoiblí i gceantair Ghaeltachta a reáchtáil trí Ghaeilge.

I gcás go bhfuil cruinniú poiblí á reáchtáil lasmuigh den Ghaeltacht, éascóidh an Garda Síochána duine ar bith ar mian leo ráiteas nó aighneacht a dhéanamh as Gaeilge trí sheirbhís aistriúcháin a sholáthar. Chun an tseirbhís seo a sholáthar, beidh gá le hiarratas a bheith déanta roimh an chruinniú chun gur féidir na socrúithe riachtanacha a chur i bhfeidhm.

Tabharfar cuireadh do dhaoine sna fógraí do chruinnithe chun iarratais a dhéanamh ar sheirbhís aistriúcháin roimh an chruinniú.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.8 Logainmneacha Gaeltachta**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 3.9 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Bainfidh gach stáisiún Garda i gceantair Ghaeltachta úsáid as logainm oifigiúil Gaeilge an bhaile nó an tsráidbhaile ina bhfuil an stáisiún suite mar atá leagtha amach san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004.

*Tréimhse ama: Buanú*

Laistigh de gach focheantar i gceantair Ghaeltachta, tosófar ar ainmneacha Gaeilge gach baile fearainn, mar atá leagtha amach, a úsáid i ngach clár agus bunachar sonraí, i gcásanna nach bhfuil siad cheana féin in úsáid.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.9 Daoine ag tabhairt cuairte ar Stáisiúin**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 3.10 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Ní mór don Garda Síochána déileáil le daoine ar féidir an catagóiriú a leanas a dhéanamh ina dtaobh: daoine gafa, gearánaithe, finnétithe, eile.

Tá teidlíocht dlí ag daoine gafa ar a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

I gcás go ndéanann duine gearán i nGaeilge, cuirfear seirbhís Ghaeilge ar fáil faoi réir fhorálacha Ailt 3.11 (2) agus (3) thíos.

Éascófar finnétithe agus daoine eile a iarrann seirbhís Ghaeilge faoi réir fhorálacha Ailt 3.11 (2) agus (3) thíos.

### **3.10 An Ghaeltacht**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 3.11 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Leagtar amach in Alt 33(2) d’Acht an Gharda Síochána, 2005

*“Cinnteadh Coimisinéir an Gharda, chomh fada agus atá praiticiúil, go mbeidh comhaltaí an Gharda Síochána atá lonnaithe i gCeantar ina bhfuil ceantar Gaeltachta, sách inniúil sa Ghaeilge chun gur féidir leo í a úsáid go saoráideach chun a ndualgais a chomhlíonadh.”*

Cuirfear seirbhís chuimsitheach Gaeilge ar fáil don phobal i gceantair Ghaeltachta faoi réir fhorálacha Alt 3.11 thíos. San áireamh, tá forálacha a thabharfadh deiseanna do phearsanra atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta cheana na cáilíochtaí riachtanacha sa Ghaeilge a bhaint amach.

*Tréimhse ama: Buanú*

Tabharfar tús áite do riachtanais seirbhísí práinneacha an Gharda Síochána. Tá beartas earcaíochta curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána a thug isteach sraith Gaeilge chun iarratasóirí a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu a earcú chun cabhrú le riachtanais Ghaeilge a chomhlíonadh sa Garda Síochána. Beidh oiliúnaithe an Gharda Síochána a iontrálann an Garda Síochána tríd an tsraith seo in ann cabhrú leis na riachtanais Ghaeilge, faoi mar a theastaíonn, ar chríochnú a dtréimhse phromhaidh dóibh.

I gcomhlíonadh Alt 13 (2) (e) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, cuirfear socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge i ngach stáisiún Garda i gceantair Ghaeltachta.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.11 Bainistíocht Acmhainní Daonna**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 3.12 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Seo mar a dhéanfaidh Bainistíocht Acmhainní Daonna:

(1) Nuashonrófar an beartas leithdháilte chun go léireoidh sé na pleananna chun feabhas a chur ar sheirbhís Ghaeilge an Gharda. Bainfear é sin amach trí anailís a dhéanamh ar

bhunachar sonraí na dtaifead pearsanra chun a chinntiú go léireoidh sé cumas Gaeilge an phearsanra sa Gharda Síochána.

*Tréimhse ama: Buanú*

(2) Beidh seirbhís chuimsitheach Ghaeilge ar fáil ó Ghardaí i ngach stáisiún Gardaí sa Ghaeltacht. Déanfar é seo trí éifeachtúlacht an bheartais leithdháilte pearsanra a uasmhéadú trí chur chuige spriocdhírthe oiliúna a chur i bhfeidhm.

(a) Cuirfear uasoiliúint agus na hacmhainní cuí ar fáil do gach uile phearsanra atá ag oibriú/lonnaithe sa Ghaeltacht chun cabhrú leo inniúlacht in úsáid na Gaeilge a bhaint amach.

(b) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a lándícheall tús áite a thabhairt do roghnú pearsanra atá inniúil sa Ghaeilge agus pearsanra á leithdháileadh ar stáisiúin Ghaeltachta.

*Tréimhse ama: Buanú*

(3) Déanfar painéal de chainteoirí cumasacha Gaeilge a chur le chéile i ngach Roinn den Gharda Síochána. Beidh an painéal ar fáil chun lánseirbhís Ghaeilge a sholáthar chomh luath agus a bheidh sé praiticiúil tar éis iarratas ar sheirbhís mar í a bheith faighte.

*Tréimhse ama: Buanú*

### **3.12 Cúrsaí Oiliúna agus Forás na Foirne**

Tá an Garda Síochána tiomanta do chinntiú go gcoimeádfar an Ghaeilge mar chuid den chroíchlár oiliúna do Ghardaí faoi Oiliúint/Phromhóirí. Chun Bainistíocht Acmhainní Daonna a éascú maidir le leithdháileadh comhréireach na bPromhóirí a labhraíonn Gaeilge ar fud na tíre, aistreofar an Bhéaltriall Inniúlachta Gaeilge go Céim 1 den chlár oiliúna do Ghardaí faoi Oiliúint/Phromhóirí.

*Tréimhse ama: Buanú*

#### ***Athbhreithniú Oiliúna***

Chun freagrachtaí eagraíochtúla a bhrostú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, athbhreithneoidh an Rannóg Bainistíochta Acmhainní Daonna riachtanais oiliúna na foirne agus aithneoidh siad cúrsaí Gaeilge a bheidh oiriúnach don fhoireann chun gur féidir freastal ar riachtanais na seirbhíse. Roghnófar cúrsaí staidéir sa Ghaeilge agus ceadófar iad le haghaidh cúnaimh airgeadais mar chuid den Scéim cistithe oideachais.

*Tréimhse ama: Buanú*

## CAIBIDIL 4

### MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

#### **4.1 Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 4.1 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Is ar Oifig an Leas-Choimisinéara, Straitéis agus Bainistiú ar Athrú, atá an cúram an Scéim seo a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh uirthi agus is é a bheidh i gceannas ar Choiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge.

Beidh gach Coimisinéir Cúnta freagrach as cur chun feidhme na Scéime ina c(h)eantar féin. Feidhmeoidh gach Cigire Réigiúnach mar Oifigeach Idirchaidrimh don Ghaeilge dá Réigiún nó dá Rannóg féin. Ainmneoidh gach Oifigeach Roinne Cigire chun cur chun feidhme a chomhordú ar leibhéal na Roinne, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtálacha i gcomparáid leis na gealltanas atá leagtha síos sa Scéim, agus chun tuairisciú don Oifigeach Idirchaidrimh Réigiúnach don Ghaeilge. Is í feidhm na nOifigeach Idirchaidrimh ná cuidiú le cur chun feidhme struchtúrach na Scéime seo faoi stiúir Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge.

Cinntoidh Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge trí mhionteagaisc agus nuachtlitreacha go mbeidh gach comhalta san eagraíocht eolach ar na gealltanas atá sa Scéim aontaithe.

#### **4.2 Aiseolas**

Tá áis ar fáil ar láithreán Gréasáin an Gharda Síochána chun aiseolas nó nóta tráchta a fhágáil. Cuirfear fáilte roimh mholtaí ó pháirtí leasmhara.

#### **4.3 Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíocht Acmhainní Daonna:**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanas atá leagtha síos i Mír 4.3 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Déanfaidh Bainistíocht Acmhainní Daonna athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn i dtreo chuspóir na lánchomhlíontachta don Acht agus cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid Choiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge, ag deireadh gach bliana den Scéim.

#### **4.4 Tuarascáil Bhliantúil an Gharda**

*Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur chun feidhme na ngealltanais atá leagtha síos i Mír 4.4 de Scéim 11 2009-2012 an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach anseo thíos:*

Tuairisceoidh Coimisinéir an Gharda i dTuarascáil Bhliantúil an Gharda ar fheidhmíocht i gcomparáid le gealltanais na scéime de réir na dTreoirlínte a eisíodh faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Leanfaidh an Garda Síochána air de bheith ag lorg tuairimí na bpobal Gaeltachta, tuairimí páirtithe leasmhara eile agus tuairimí grúpaí a oibríonn chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

## CAIBIDIL 5

### AN SCÉIM A PHOIBLIÚ

Scaipfidh an Garda Síochána cóipeanna den Scéim seo ar na páirtithe leasmhara ar fad san eagraíocht.

Beidh ábhar na Scéime seo ar fáil don phobal ar láithreán Gréasáin an Gharda Síochána, i nGaeilge agus i mBéarla, agus féadfaidh an pobal aighneachtaí a dhéanamh mar gheall ar an Scéim ar leathanach Gréasáin atá ceaptha chuige sin.

Beidh cóipeanna den Scéim seo ar fáil d'aon bhall den phobal, ach glao a chur ar Oifig an Cheannfoirt áitiúil.

Fógróidh preasráiteas seoladh na Scéime agus fógrófar na láithreacha mar a bhfuil sonraí iomlána na Scéime ar fáil.

Beidh an Scéim seo ar fáil do gach ball den eagraíocht ar Thairseach Eolais an Gharda Síochána ar chóras PULSE.